Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Aighneacht Gaeloideachas

Ag freagairt don chomhairliúchán

I dTreo Straitéis Nua Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití

Eanáir 2023

1. Réamhrá

Is mian le Gaeloideachas aighneacht a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus na Roinne Leanaí, Comhionnanais, Míchumais, Lánpháirtiochta agus Óige ag freagairt do chuireadh ar aighneacht maidir le forbairt straitéise nua Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití.

Fáiltíonn Gaeloideachas, mar eagraíocht náisiúnta ionadaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, agus mar eagraíocht tacaíochta na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht roimh an deis aighneacht a chur chuig an dá Roinn, agus ach go háirithe mar a bhaineann le hearnáil na luathbhlianta Gaeilge agus na scoileanna lán-Ghaeilge, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Aithníonn Gaeloideachas an dul chun cinn atá déanta ó tháinig an Straitéis reatha i bhfeidhm sa bhliain 2011. Aithníonn Gaeloideachas an ról lárnach agus criticiúil a d'imir múinteoirí luathbhlianta, múinteoirí agus ceannairí scoile, foirne tacaíochta agus boird bhainistíochta agus na páirtithe leasmhara agus na páirtithe oideachais eile go léir, ar a n-áirítear na tuismitheoirí agus páistí uile an chórais.

Díreofar thíos ar na saincheisteanna a ardaítear sa pháipéar chomhairliúcháin agus riachtanais na hearnála lán-Ghaeilge ina leith.

2. Tuismitheoirí agus Pobail a Chumasú chun Tacú le Forbairt Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití Leanaí

Tá ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí, mar phríomhoideoirí an linbh, i gcur chun cinn forbairt an linbh, lena n-áirítear scileanna teanga, litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití éiritheacha an linbh. Níos leithne ná sin, bíonn ról ag na pobail mórthimpeall ar an bpáiste i gcothú agus i dtacú na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití. Chuige sin, ní mór do bhileoga eolais, leidbhileoga agus acmhainní tacaíochta ar bith atá dírithe ar thuismitheoirí an suíomh tumoideachais/lán-Ghaeilge a bheith san áireamh agus nodanna á gcur fáil.

Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an tréimhse a chaitheann páistí i réamhscoileanna/seirbhísí luathoideachais maidir le forbairt a gcuid scileanna luathlitearthachta agus luath-uimhearthachta. Aithníonn an taighde an tábhacht a bhaineann leis na luathscileanna acadúla seo don ullmhacht chun na scoile agus do rath acadúil ina dhiaidh sin (MacKenzie et al., 2022). Leagtar béim sa pháipéar comhairliúcháin ar an tábhacht a bhaineann le suíomhanna LFC agus scoileanna a nascadh le chéile ar mhaithe le deiseanna níos fearr a bheith ann dea-chleachtas a roinnt agus líonraí tacaíochta a thógáil. Cothaíonn taithí an naíonra agus scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta muinín agus sealbhú teanga na bpáistí agus a dtuismitheoirí, agus ba chóir go mbeadh deis ag gach páiste dul i ngleic leis an nGaeilge i dtimpeallacht thacúil an tumoideachais.

Tá an tAcht Oideachas (Ligeann Isteach i Scoileanna) ina bhac ar chruthú agus cothú na ndeiseanna seo, áfach. Cuireadh leasú i bhfeidhm san Acht a chuir bac ar pháistí ó réamhscoil ar bith, naíonra ina measc a bheith liostáilte sna critéir tosaíochta sa chás go mbíonn róshuibscríobh ar an scoil. Fágann sé seo nach bhfuil aon chinnteacht nó dóchas ag tuismitheoirí gur féidir leis an bpáiste óg leanúint ar aghaidh sa chóras lán-Ghaeilge i ndiaidh tréimhse sa naíonra. Leasú tubaisteach don

teanga, do na gaelscoileanna agus do thuismitheoirí a bhí anseo. Níor tógadh tábhacht an leanúnachais sa tumoideachas san áireamh sa cheist, in ainneoin na tréanstocaireachta a rinne Gaeloideachas ar an gceist. Déanann an fhoráil san Acht beag is fiú den uaillmhian agus den sprioc atá luaite sa chomhairliúchán seo i dtaobh ról na dtuismitheoirí agus an phobail. Tá gníomh soiléir glactha ag an Roinn a chuireann srian agus constaic roimh an leanúnachas agus roimh chothú na gcomhphobal seo.

Dúshlán ollmhór eile agus a bhfuil tionchar díreach agus láidir aige ar fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta mar a bhaineann leis an nGaeilge ná an mhír seo san Acht. I gcás scoileanna ar mian leo tús áite a thabhairt do pháistí as teaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga nó ceann de phríomhtheangacha labhartha an bhaile, forálann an tAcht gur gá cloí leis an bhfoclaíocht seo:

> *Páistí a bhfuil leibhéal líofachta bainte amach acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide I suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois n pháiste agus aon riachtanais bhreise oideachais san áireamh, agus gur dhócha go rachadh líofacht an pháiste ar gcúl mura bhfaighidís áit sa scoil lán-Ghaeilge.*

Tá dúshlán suntasach ag scoileanna leis an bhfoclaíocht, leis an tuiscint ar féidir a bhaint as agus conas é a fheidhmiú. Tá an foráil casta agus faoi réir tuiscintí éagsúla/contrártha agus an toradh atá air cheana i roinnt scoileanna ná go bhfuil páistí le Gaeilge sa bhaile mar phríomhtheanga, nó ceann díobh ag cailleadh áiteanna scoile. Críochnóidh sé seo suas in an-chuid cásanna dlí á dtógáil, rud nach bhfuil chun leasa na scoileanna, na bpáistí ná na teanga.

Ní mór don Roinn dul i gcomhairle le Gaeloideachas agus leis na páirtithe eile chun tuiscint chruinn a fháil ar a bhfuil ag tarlú ag leibhéal an talaimh agus athbhreithniú a chur sa tsiúl ar an bpíosa reachtaíochta seo. Ní mór meicníocht a chur ann a cheadaíonn agus a thacaíonn leis an leanúnachas ón naíonra isteach sa bhunscoil agus a thacaíonn go gníomhach le tús áite a bheith ag páistí atá á dtógáil le Gaeilge. Tá sé tábhachtach go mbeadh an caidreamh seo tairbheach do na naíonraí agus na scoileanna, araon, agus go mbeadh sé feiceálach agus insroichte do thuismitheoirí agus chúramóirí.

Tá an easpa treorach/polasaí foirmiúil i leith an luath-thumoideachais, mar aon leis an éagsúlacht chur chuige ó scoil go scoil dúshlánach do thuismitheoirí freisin. Fágann sé seo go mbíonn tuismitheoirí imníoch faoi cathain ar chóir dá bpáistí tosú ar léitheoireacht an Bhéarla agus cathain ar chóir clochmhílte litearthachta faoi leith a bheith bainte amach acu. Mar a mhaíonn de Brún (2022), "when pupils in immersion settings in Ireland should begin to read in English has been a topic of interest in previous studies and a subject of concern for teachers and parents".

Seirbhísí Tacaíochta

Ní mór pleanáil do sheirbhísí tacaíochta lena chinntiú go bhfuil an t-infrastruchtúr timpeall ar sheirbhísí luathoideachais agus scoileanna trí mheán na Gaeilge ar chomhchaighdeán leis an gceann do sheirbhísí Béarla agus nach bhfeictear go bhfuil comhghéilleadh i gceist le hoideachas trí mheán na Gaeilge a roghnú. Ba chóir go mbeadh de chumas ag na príomhsheirbhísí pobail seirbhísí teaghlaigh a chur ar fáil a chuireann le forbairt litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití leanaí. I measc na mbunseirbhísí riachtanacha ar chóir a bheith in ann feidhmiú agus freastal trí Ghaeilge do theaghlaigh ar mian leo Gaeilge a úsáid tá: leabharlanna, ionaid sláinte, ionaid acmhainní teaghlaigh, srl.

Molann an Dr Neasa Ní Chuaig (2016) go mbeadh sé fiúntach comhordaitheoir a bheith ar fáil do ghrúpaí scoileanna a mbeadh cúram speisialta ag an duine seo "maidir le cur chun cinn na litearthachta sna scoileanna sin [agus] i measc freagrachtaí eile, bheadh sé de dhualgas ar an gcomhordaitheoir nasc a chruthú idir na teaghlaigh agus na scoileanna ar mhaithe le cur chun cinn na litearthachta". Rachadh a leithéid go mór chun tairbhe scoileanna Gaeltachta, scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht, scoileanna a bhfuil stádas DEIS acu, mar aon le teaghlaigh na scoileanna seo.

3. Tacú le Cleachtas Gairmiúil agus Ceannaireacht Múinteoirí agus Cleachtóirí i gCúram agus Oideachas na Luathóige

Aontaíonn Gaeoideachas go láidir an ról lárnach atá ag múinteoirí maidir le heispéiris foghlama ardchaighdeáin a sholáthar. Bíonn ról ríthábhachtach acu cuidiú le leanaí agus le daoine óga an t-eolas, na scileanna agus na meonta atá de dhíth orthu a ghnóthú le bheith gafa go hiomlán agus go héifeachtach sa saol, sa tsochaí agus san ionad oibre. Tá ról lárnach ag múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge le "scafláil a dhéanamh ar an bhfoghlaimeoir le linn a aistear cruinnis agus sealbhaithe" agus is gá dóibh "archaighdeán sa Ghaeilge labhartha agus scríofa a léiriú agus bheith lán-inniúil ar theanga an ábhair agus ar theanga an teagaisc agus na foghlama le caighdeán litearthachta na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú" (Ó Ceallaigh & Ó Laoire 2015).

Chun na sprice seo, caithfear foireann ardchaighdeáin a chothú agus a choinneáil laistigh de chreat ceannaireachta láidir. Tá sé seo riachtanach chun eispéiris agus torthaí foghlama feabhsaithe a ghnóthú dár bhfoghlaimeoirí go léir sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach. Tá, áfach, an-chuid easnamh sa chóras mar atá mar a bhaineann le tacú le gairmiúlacht agus ceannaireacht mhúinteoirí sa chóras trí chéile. Tá na heasnaimh míle uair níos soiléire agus níos géire i gcomhthéacs na hearnála lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Tá gá le córas cuí soláthar múinteoirí don oideachas lán-Ghaeilge (creat cáilíochta don tumoideachas; caighdeán ar an bhfráma Eorpach mar chritéar ceapacháin; painéil ar leith do mhúinteoirí sa chóras lán-Ghaeilge, srl).

I measc na ndúshlán reatha tá:

Níl cláir um fhorbairt ghairmiúil leanúnach ann do mhúinteoirí ag aon cheann de na leibhéil – naíonraí, bunscoileanna ná iar-bhunscoileanna – atá ar chomh-leibhéal leis na cláir atá dírithe ar scoileanna meán-Bhéarla. Maíonn Ní Thuairisg 2014; Ó Duibhir 2018; agus Cammarta & Ó Ceallaigh 2018, nach bhfuil an córas reatha inseirbhíse ná bunoiliúna ag freastal ar riachtanais mhúinteoirí an chórais tumoideachais (de Brún 2022). Mura ndéantar clár a fhorbairt agus a thairiscint atá in oiriúint do chomhthéacs an tumoideachais a sholáthar go comhuaineach le clár na scoileanna meán-Bhéarla, níl an córas ag cabhrú le múinteoirí a bheith ar an eolas faoi na féidearthachtaí forbartha atá ann dóibh ná faoi na dea-chleachtais, modhanna, agus straitéisí nuálacha taighdebhunaithe atá suas chun dáta maidir leis an tumoideachas, sealbhú agus saibhriú teanga, mar aon le foghlaim chomtháithe ábhar agus teanga.

Mar chuid de na cláir seo, tá géarghá le hoiliúint do mhúinteoirí ar mhúineadh agus ar fhorbairt na litearthachta, múineadh na teanga acadúla i nGaeilge, agus na dea-chleachtais lena mbaineann. Ní mór don oiliúint seo bheith dírithe ar dhaltaí uile an chórais tumoideachais agus riachtanais daltaí arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais san áireamh. Tá géarghá freisin le cúrsaí oiliúna ar

fhóineolaíocht na Gaeilge agus forbairt na fóineolaíochta do mhúinteoirí le cinntiú go bhfuil tuiscint acu ar na bunchlocha (feasacht fhóinéimeach, fónaic, agus spreagadh) (Barnes 2017). Ní mór béim ar na canúintí éagsúla bheith san áireamh freisin (Ní Chuaig 2016).

Ag leibhéal na naíonraí:

i. Tá géarchéim earcaíochta agus coinneála sna naíonraí mar gheall ar easpa idirghabhála Stáit chun tacú le múinteoirí naíonra, chun a bpá agus coinníollacha a fheabhsú agus chun iad a spreagadh chun fanacht sa ghairm. Tá naíonraí ag dúnadh dá bharr.
ii. Ba cheart tacaíochtaí ar leith a sholáthar do mhúinteoirí naíonra faoin bplean *Scileanna a Chothú*, lena n-áirítear sparánachtaí agus infhaighteacht níos leithne ar oideachas agus ar chláir oiliúna trí mheán na Gaeilge chun inniúlacht níos fearr sa Ghaeilge a spreagadh.
iii. Ní féidir le múinteoirí naíonra tabhairt faoi oiliúint tosaigh nó an chuid is mó den fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá ar fáil do na luathbhlianta ina dteanga oibre.
iv. Ní thugtar aitheantas cuí don obair bhreise a dhéanann múinteoirí i suíomhanna tumoideachais mar chúiteamh ar an easpa acmhainní atá ar fáil dóibh ina dteanga oibre, agus ar an am breise a chaitheann siad ag oiriúnú acmhainní le húsáid i suíomh tumoideachais.
v. Níl aon pholasaí ná treoirlínte soiléire ann maidir le cur i bhfeidhm agus cigireacht ar an tumoideachas i suíomh luathbhlianta.
vi. Níl aon bheartais ná idirghabhálacha Stát-mhaoinithe a dhíríonn go sonrach ar inmharthanacht na naíonraí a chinntiú agus iad a chosaint mar bhunchloch an chóras oideachais lán-Ghaeilge agus an chéad blaiseadh den teanga a fhaigheann na mílte páiste gach bliain.

Ag leibhéal na mbunscoileanna:

i. Tá géarchéim sholáthair, earcaíochta agus coinneála i measc múinteoirí go náisiúnta de bharr easpa straitéisí an Stáit múinteoirí a spreagadh le fanacht sa ghairm / tír.
ii. Tá dúshlán seacht n-uaire níos mó san earnáil lán-Ghaeilge, áit a bhfuil inniúlacht sa teanga de dhíth agus toilteanas ón múinteoir múineadh i suíomh tumoideachais. I suirbhé a rinneadh siar in 2006, “bhraith 34% de phríomhoidí nach raibh caighdeán sásúil Gaeilge ag roinnt múinteoirí a bhí ag múineadh sna Gaelscoileanna agus go raibh 57% de phríomhoidí buartha faoi chaighdeán scríofa Gaeilge roinnt múinteoirí freisin”. Tá tionchar nach beag aige seo ar chumas agus ar ghnóthachtáil litheartha agus uimhearthachta na ndaltaí, ach níl aon réiteach aimsithe ar an mhórfhadhb seo ó shin.
iii. Tá easpa áiteanna ar fáil sna coláistí oiliúna a ullmhaíonn múinteoirí don suíomh tumoideachais. Níl soláthar Oiliúint Tosaigh Mhúinteoirí leordhóthanach ann ó thaobh líon agus lonnaíochta na gclár go náisiúnta.
iv. Níl forbairt ghairmiúil leanúnach in oiriúint don chomhthéacs ar fáil go comhuaineach le scoileanna meán-Bhéarla.
v. Níl polasaí ná treoir shoiléir ón gcigireacht ann maidir le feidhmiú an luath-thumoideachais, agus is féidir go mbeadh cur chuige éagsúil ag gach scoil.
vi. Tá dúshlán ollmhór sna scoileanna an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga na cumarsáide agus an tsóisialaithe.

vii. Tá dúshlán ag tromlach na scoileanna cur chuige difreáilte teagaisc a chur i bhfeidhm chun freagairt do riachtanais éagsúla agus teanga na ndaltaí.

viii. In ainneoin go dtosaíonn formhór na scoileanna ar léitheoireacht na Gaeilge i dtosach, léiríonn an taighde go léann na páistí níos minice ar bhonn pléisiúrtha sa Bhéarla i gcomparáid leis an nGaeilge. Tá fianaise ann freisin go bhfuil na páistí seo, cainteoirí dúchais san áireamh, níos fearr ag léamh i mBéarla (de Brún 2022).

ix. Ní ullmhaítear múinteoirí i gceart maidir leis an léitheoireacht a mhúineadh i suíomh tumoideachais agus an tábhacht a bhaineann leis an suíomh délithearthachta (de Brún 2022).

x. I dtaobh na huimhearthachta, tá na deiseanna oiliúna/forbartha gairmiúla i réimse na matamaitice trí mheán na Gaeilge an-teoranta. Imríonn sé seo tionchar ar mhuinín mhúinteoirí áirithe na scileanna uimhearthachta/mata a chur ar aghaidh chuig daltaí (MacKenzie et al., 2022).

Ag leibhéal na nIar-bhunscoileanna:

Baineann na dúshláin soláthair, earcaíochta agus coinneála thuas luaite le múinteoirí ag an trí leibhéal ach tá dúshlán sa bhreis ag an iar-bhunleibhéal, áit a bhfuil ganntanas mór múinteoirí atá cáilithe sna hábhair chuí agus inniúil ar an tumoideachas. Chomh fada siar le 2005, tuairscíodh go raibh "deacrachtaí ag príomhoidí in dhá thrian de na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta múinteoirí le Gaeilge in ábhair áirithe a earcú" agus go raibh siad "fágtha gan aon rogha go minic, ach múinteoirí gan Ghaeilge a fhostú" Mac Donnacha (2005: 9). Ní mór tabhairt faoi iniúchadh ar an staid reatha I ngach scoil óir de réir na tuisceana atá ag Gaeloideacas agus ón suirbhé a thugamar faoi, níl mórán de fheabhas ar an bpictiúr ó shin.

Tá doiléire leanúnach ann maidir le teagasc agus measúnú na Gaeilge mar ábhar ag an iar-bhunleibhéal - tá frustrachas leanúnach ar mhúinteoirí maidir le fís, cur chuige agus spriocanna. Tá gá le polasaí a fhorbairt ar theagasc na Gaeilge suas trí na leibhéil ar fad maidir le fís, cuspóirí agus cur chuige.

Tá géarghá le cur chuige córasach agus tacúil do mhúinteoirí i leith forbairt ar a gcumas teanga. Tá eispéaras foghlama an dhuine óig ag brath ar inniúlacht agus cumas an mhúinteora féin sa Ghaeilge, mar aon leis an litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach.

Moltar go rachfaí i gcomhairle leis na heagraíochtaí sin a bhfuil forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí iar-bhunscoile mar chúram orthu ar mhaithe le cúrsa oiliúna mar aon le seirbhís tacaíochta a sholáthar a bheadh dírithe orthu siúd a bhfuil sé i gceist acu tréimhse ghairmiúil a chaitheamh in iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Moltar go mbeadh an fheasacht teanga mar aon le bunphrionsabail an oideachais ilteangaigh mar chroílár na hoiliúna lena chinntiú go bhfuil tuiscint ag an múinteoir ar chomhthéacs na scoile, a ról féin sa chomhthéacs sin agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige nó aici ar phobal na scoile.

Ba cheart an caighdeán inniúlachta sa Ghaeilge a theastaíonn ó mhúinteoirí ag gach leibhéal den chóras oideachais a leagan amach go sonrach. D'fhéadfadh Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR) an leibhéal cuí a aithint agus an próiseas sealbhaithe teanga a éascú. Bheadh sé seo i gcomhréir le moltaí a rinneadh sa Language Education Policy Profile, foilsithe in 2008 ag Rannóg Polasaí Teanga Chomhairle na hEorpa i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tar éis anailís shuntasach a dhéanamh ar an oideachas teanga in Éirinn. Ba cheart go mbeadh na spriocanna foghlama nó torthaí ginearálta foghlama atá le baint amach ag gach céim den chóras oideachais a aithint, le trédhearcacht, leanúnachas agus dul chun cinn ó leibhéal amháin go leibhéal eile a chinntiú. Baineann sé seo leis an múinteoir agus leis an bhfoghlaimeoir araon.

Tá sé tábhachtach go gcuirfear tacaíochtaí agus acmhainní oiriúnacha ar fáil i gcomhar leis na hinstitiúidí oiliúna tosaigh múinteoirí le cinntiú go bhfuil dóthain múinteoirí cumasacha agus cáilithe ar fáil chun an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar, agus chun ábhair eile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge. Ba cheart go mbeadh an moladh atá in Languages Connect (a éileann gur gá do gach iarrthóir ar chlárúchán mar mhúinteoir teangacha iasachta fianaise a sholáthar go bhfuil measúnú cumas teanga neamhspleách déanta acu agus gur éirigh leo leibhéal B2.2 ar a laghad ar an CEFR a bhaint amach sna scileanna teanga ar fad) a chur i bhfeidhm don Ghaeilge ar bhealach bailí agus críochnúil.

4. Feabhas a chur ar an gCuraclam agus ar an Eispéireas Foghlama

Aontaíonn Gaeloideachas gur chóir go mbeadh deis ag gach foghlaimeoir eispéireas curaclaim leathan, cothrom agus sásúil a bheith acu a thacaíonn le gach gné dá bhforbairt, ní hamháin an ghné acadúil, ach na gnéithe sóisialta, mothúchánacha, samhlaíocha, aeistéitiúla agus fisiceacha freisin. Is gá an t-eispéireas riachtanach seo a bheith ar fáil i nGaeilge, ag leibhéal ard do gach páiste atá sa chóras tumoideachais – ón naíonra go hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta.

An Curaclam Bunscoile

Tháinig Curaclam Teanga na Bunscoile i bhfeidhm in 2019, agus cé gur cuireadh fáilte roimh chuid de na leasuithe, tá na sonraíochtaí Gaeilge (agus cuid de na hábhair eile) doiléir, agus níl caighdeán ná tagarmharc do na haoisghrúpaí éagsúla ar fáil iontu. Tá scrúduithe caighdeánaithe riachtanach don Bhéarla agus don Mhatamaitic i scoileanna lán-Bhéarla, ach níl aon scrúdú caighdeánaithe riachtanach don Ghaeilge sna scoileanna seo. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil eolas bunlíne náisiúnta ar fáil maidir leis an gcaighdeán a bhaineann daltaí amach tar éis 8 mbliana d'fhoghlaim teanga i mbunscoileanna lán-Bhéarla. Chuirfeadh soláthar an eolais seo go mór le héifeachtacht Churaclam Teanga na Bunscoile. Is gá dul i ngleic leis an bhfadhb seo go práinneach.

Tá pleananna á bplé ag leibhéal an CNCM maidir leis an tríú teanga a thabhairt isteach sna bunscoileanna. Tá imní ar Gaeloideachas agus ar go leor páirithe leasmhara eile go mbeidh drochthionchar ar mhúineadh na Gaeilge mar thoradh air seo. Tá sé i gceist go gcaithfí uair an chloig sa tseachtain, ó Rang a 3 ar aghaidh, ar mhúineadh na Fraincise, na Gearmáinise, na Spáinnise nó teanga iasachta eile. Tá imní ollmhór ar Gaeloideachas go ndéanfar an t-am a chaitear ar an nGaeilge a laghdú chun freastal ar theagasc na teanga nua. Cé go bhfuil Gaeloideachas go láidir I bhfabhar an ilteangachais, tá an-imní orainn faoi na himpleachtaí do theagasc agus do mhúineadh na Gaeilge. Ní mór a chinntiú go bhfuil an Ghaeilge á múineadh i gceart sula mbogfar ar aghaidh chun teanga eile a mhúineadh do pháistí.

An tSraith Shóisearach

Dearadh curaclam leasaithe Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (a cuireadh i bhfeidhm in 2017 agus a scrúdaíodh den chéad uair in 2022) chun leanúnachas a chruthú ó Churaclam Teanga leasaithe na Bunscoile. Is siollabas comhtháite é, le trí shnáithe: Cumas Cumarsáide; Feasacht Teanga agus Cultúrtha (Éisteacht); agus Féin-Feasacht an Fhoghlaimeora (Léitheoireacht). Bíodh sin mar atá, tá na sonraíochtaí atá curtha ar fáil ag an CNCM doiléir, agus níl iontu ach snáitheanna agus torthaí foghlama. Níl tagarmharc ar bith ar fáil, agus tá easpa soiléireachta maidir leis an gcaighdeán a bhfuiltear ag súil leis. Cuireadh buairt in iúl le cúpla mí anuas mar gheall ar dhoiléireacht na sonraíochtaí agus an easpa ailínithe le scrúdú an Teastais Shóisearaigh i samhradh 2022.

I measc na n-easnamh tá: easpa scrúdú béil a ndéantar measúnú seachtrach air; an-iomarca béime ar an litríocht; torthaí foghlama atá róleathan, ródhoiléir agus ró-uaillmhianach; agus traenáil inseirbhíse nach bhfuil maith go leor. Chuir múinteoirí buairt in iúl freisin mar gheall ar mheasúnú, agus an easpa ailínithe idir na sonraíochtaí agus an scrúdú.

An Idirbhliain

Tá deis iontach ann cur le scileanna teanga agus litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí agus iad san Idirbhliain. Trí shonraíochtaí Idirbhliana don Ghaeilge a ailíniú leis an CEFR, d'fhéadfaí an deis a thabhairt do na daltaí díriú ar fhorbairt scileanna áirithe ag leibhéal atá in oiriúint dá gcéim féin ar a n-aistear teanga. Mar shampla, d'fhéadfadh dalta díriú ar pháirt-theastasú ag leibhéal B1 sa chumas labhartha. Bheadh sé seo cabhrach go háirithe toisc go bhfuil 40% de scrúdú Gaeilge na hArdteiste bunaithe ar an gcomhpháirt labhartha.

An tSraith Shinsearach

Táthar ar aon intinn i gcoitinne gur gá na sonraíochtaí Ardteiste don Ghaeilge a uasdátú. Níor cheart, áfach, go n-ísleofaí caighdeán na Gaeilge sa tsraith shinsearach mar thoradh ar an uasdátú seo. Níor cheart ach oiread nach bhfreastalófaí ar gach uile dhalta, iad siúd a bhíodh ag staidéar ar an mBonnleibhéal san áireamh.

Bhí na dréacht-sonraíochtaí seo (nach bhfuil iontu ach snáitheanna agus torthaí foghlama, agus a bhí scríofa i bhfoclaíocht theicniúil, chasta) easnamhach amach is amach. Níor réitigh siad le dea-chleachtas idirnáisiúnta do dhearadh sonraíochtaí, go háirithe sonraíochtaí a ndéantar measúnú agus teastasú seachtrach orthu. Chomh maith le torthaí foghlama soiléire a leagan amach, caithfidh sonraí níos cuimsithí faoi chomhdhéanamh na-ábhar, treoirlínte múinteoirí agus critéir mheasúnaithe a bheith sna sonraíochtaí - le hailíniú trédhearcach agus sothuigthe idir na gnéithe seo ar fad.

Táscáirí dea-chleachtais don tumoideachas

Is gá táscairí dea-chleachtais a fhorbairt don tumoideachas i gcomhthéacs na luathbhlianta, na mbunscoileanna agus na n-iarbhunscoileanna agus plean tacaíochta ina leith, a aithníonn agus a thacaíonn le forbairt inniúlachtaí an pháiste sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach.

Ní mór scéim tacaíochta a fhorbairt agus a fheidhmiú atá bunaithe ar na prionsabail a bhaineann le EAL ach atá dírithe ar pháistí sa chóras tumoidechais. Tá géarghá le Múinteoir Gaeilge mar Theanga Bhreise do dhaltaí nach í an Ghaeilge a gcéad teanga chun na deiseanna a fheabhsú dóibh don sealbhú teanga, litearthachta agus uimhearthachta.

Tá gá le treoirlínte teagaisc don suíomh tumoideachais trí na ranganna agus leibhéil ar fad.

Tá gá le forbairt ghairmiúil leanúnach atá in oiriúint do mhúinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge (ag an dá leibhéal) agus soláthar trí Ghaeilge go comhuaineach de chlár iomlán an PDST, JCT, NCSE agus na soláthróirí tacaíochta uile

Tá gá le tacaíocht bhreise do scoileanna le cabhrú leis an teanga ó bhéal, an teanga chognaíoch agus an teanga shóisialta – de réir mar a d'aithin na Cigirí scoile (Tuarascáil Ilchodach na Cigireachta, lch. 6).

Tá gá le tacaíocht bhreise sna scoileanna (foireann bhreise agus treoirlínte) chun straitéisí difreáilte teagaisc a chur i bhfeidhm.

Aistear

Tá an bhéim a leagtar in Aistear, creatchuraclaim na luath-óige, agus i gcuraclam na bunscoile ar fhoghlaim leanbh-dhírithe agus fiosrú-bhunaithe ina ndéantar eispéiris teanga, litearthachta agus uimhearthachta éiritheacha a fhí isteach go cúramach i súgradh leanaí ríthábhachtach. Maidir le hAistear, molann Gaeloideachas feabhas a chur ar na gnéithe seo a leanas chun críche forbairt scileanna an fhoghlaimeora.

Tá *Aistear* ionchuimsitheach agus praiticiúil agus tugann sé aird ar chomhthéacs an naíonra.

Tá speictream leathan éagsúlachtaí i gceist le leibhéal cumais agus cúlraí teanga na leanaí. Ní mór iad a bhreithniú i gcomhthéacs forbairtí ar an gcreatchuraclaim. Baineann siad le:

- páistí le Gaeilge sa bhaile
- páistí gan Ghaeilge sa bhaile ach atá ag freastal ar naíonra agus á sealbhú mar theanga bhreise
- páistí le riachtanais bhreise
- páistí a bhfuil teangacha baile acu nach Gaeilge nó Béarla iad, ach a mbeidh ag sealbhú Gaeilge agus Béarla le linn a n-aistear réamhscoile agus scoile
- páistí i seirbhísí meán-Bhéarla a mbeidh ag tabhairt faoi shealbhú na Gaeilge agus iad sa bhunscoil (scoil mheán-Bhéarla nó scoil lán-Ghaeilge/Ghaeltachta)

I gcomhthéacs an naíonra lasmuigh den Ghaeltacht, go hiondúil níl an Ghaeilge mar theanga bhaile ag na páistí. Tugann an Straitéis nua deis tacaíocht sa bhreis a thabhairt d'aistear teanga na bpáistí seo trí treoirlínte maidir le sealbhú scileanna litearthachta agus uimhearthachta agus cur chuige an tumoideachais a chur san áireamh.

Tá deiseanna ann téama na cumarsáide a neartú mar a bhaineann le forbairt agus sealbhú na Gaeilge sna naíonraí trí leithéidí an Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus an Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge (atá le teacht) agus sna seirbhísí luathbhlianta meáin-Bhéarla trí thionscadail bunaithe ar Fhoghlaim Comhtháite Ábhar agus Teanga (CLIL).

Mar chuid d'fhorbairt an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta aithníodh an riachtanas a bhain le forbairt caighdeán agus cumasú phobail na scoileanna leis na caighdeáin a aithint agus a bhaint amach. Tá an t-éileamh céanna á dhéanamh ag an earnáil agus an Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge (lasmuigh den Ghaeltacht) á fhorbairt.

Le go mbeidh rath ar fhorbairt agus feidhmiú na Straitéise nua, molann Gaeloideachas go gcinnteofar comhtháthú agus comhleanúnachas i bhforbairt an chórais tumoideachais in Éirinn a bhfuil caighdeáin agus cáilíocht ard ag baint léi. Tá sé den riachtanas go mbeadh tacaíocht, treoir agus comhairle curtha ar fáil do scoileanna mar a bhaineann sé le cuir chuige i leith ceisteanna tábhachtacha oideolaíocha ar nós an tumoideachais.

Molann Gaeloideachas go ndéanfaí na caighdeáin inmholta maidir le feidhmiú an tumoideachais ag an trí leibhéal a aithint agus go mbeadh comhtháthú idir straitéisí agus polasaithe an Stáit ina leith.

Acmhainní teagaisc agus foghlama

Tá obair den chéad scoth ar bun ag COGG i bhforbairt acmhainní, téacsleabhair agus ábhar digiteach do na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, an t-ardán digiteach - an Tairseach, ina measc. Tá sé den riachtanas go ndéanfaí breis infheistíochta agus maoiniú substaintiúil a chur ar fáil do COGG, áfach, le go leanfaí agus go gcuirfí go suntasach leis na hacmhainní cruthaitheacha, dinimiciúla agus idirghníomhacha atá ar fáil trí Ghaeilge. I measc na n-acmhainní atá ag teastáil ar bhonn práinne, áirítear aipeanna, léitheoirí grádaithe Gaeilge do gach rang sna canúintí éagsúla, leabhair ag leibhéal ardspéise do léitheoirí ar chumas níos ísle, measúnuithe oiriúnaithe/deartha don Ghaeilge, acmhainní teicneolaíochta cúnta, comhéadain (léitheoirí scáleáin mar shampla), áiseanna don deachtú, córais sintéise, srl. Léiríonn an taighde frustrachas i measc múinteoirí maidir leis an easpa acmhainní atá ar fáil dóibh, go háirithe i gcomparáid lena bhfuil ar fáil do na scoileanna atá ag feidhmiú trí Bhéarla. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil aon rogha ag múinteoirí go minic d'ábhair ar nós na matamaitice ach acmhainní praiticiúla idirghníomhacha ar líne a úsáid i mBéarla leis an bhfuaim múctha (MacKenzie et al., 2022)

Tá sé riachtanach go bhfuil an suíomh tumoideachais/lán-Ghaeilge tógtha san áireamh i bhforbairt scéimeanna, idirghabhálacha agus acmhainní ar bith a chuirtear ar fáil do sheirbhísí luathbhlianta chomh maith. Ní mór go mbeadh leagan oiriúnaithe ar fáil do naíonraí de gach acmhainn a chuirtear ar fáil do sheirbhísí Béarla le tacaíocht ón Stát le go mbeidh an deis chéanna forbartha agus oideachais ar fáil do na páistí óga seo.

5. Ag Tacú le Foghlaimeoirí de Chineálacha Éagsúla Barr a gCumas a Bhaint Amach

Cuireann naíonraí agus scoileanna éiteas ionchuimsitheach chun cinn agus cuirtear fáilte roimh pháistí ó gach cúlra teanga, cultúrtha, creidimh agus socheacnamaíochta. Tá borradh ar líon na bpáistí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa chóras freisin – le diagnóis RSO faighte ag 9.4% den phobal bunscoile lasmuigh den Ghaeltacht.

Ní mór soláthar breise a chur ar fáil le go mbeidh an t-oideachas lán-Ghaeilge mar rogha do gach teaghlach agus go mbeidh ionadaíocht níos leithe ó phobail éagsúla sna naíonraí agus scoileanna. Chuige sin, teastaíonn na polasaithe, treoirlínte agus acmhainní cuí, mar atá molta thíos, a chur ar fáil a chinnteoidh rochtain chothrom ar oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán do gach teaghlach. Ba chóir go mbeadh teacht ag gach páiste ar áit i naíonra, bunscoil agus iar-bhunscoil lán-Ghaeilge laistigh d'achar taistil réasúnta óna baile. Is é an rogha áitiúil is mó a roghnaítear – rud nach ann dó san oideachas lán-Ghaeilge.

Ba cheart don Stát rogha an oideachais lán-Ghaeilge a normalú mar rogha don phobal ar fad agus feasacht a ardú ar bhuntáistí an tumoideachais. Tá géarghá le feachtas poiblíochta agus fianaise a roinnt ag leibhéal na Roinne maidir le feiliúnacht an chórais tumoideachais do theaghlaigh ó gach cineál cúlra.

Ba chóir treoir chuí agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do naíonraí agus do scoileanna lán-Ghaeilge DEIS maidir leis an gcleachtas is fearr sa tumoideachas, sa litearthacht agus san uimhearthacht, ag cur san áireamh riachtanais an phobail agus leibhéal an mhíbhuntáiste sa cheantar.

Ag tacú le daltaí atá ag freastal ar scoileanna a bhfuil stádas DEIS acu

Ní mór sainriachtanais scoileanna lán-Ghaeilge DEIS a thógáil san áireamh i gcláir oiliúna agus forbartha gairmiúla leanúnacha le cinntiú go bhfuil an saineolas cuí i measc baill foirne. Moltar múinteoir tacaíochta teanga a chur ar fáil do na scoileanna lán-Ghaeilge DEIS chun tacú le scileanna teanga na ndaltaí agus leis an bhfoireann, dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le luathshealbhú teanga i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais teanga na ndaltaí Ní Chlochartaigh, Shiel & Ó Duibhir (2020).

Anuas air sin, léiríonn taighde Ní Chlochartaigh, Shiel & Ó Duibhir (2020) "go bhfuil géar-riachtanais tacaíochta agus idirghabhála don mhatamaitic ag SLG DEIS ag an dá bhanda" - ag freastal ar dhaltaí a bhfuil deacrachtaí acu sa mhata, mar aon le daltaí cumasacha "uaschumas a bhaint amach" . Tá sé riachtanach straitéisí a chur i bhfeidhm chun tacú leis na daltaí atá faoi bhun an 10ú peircintíl i scoileanna DEIS Banda 1 agus "tréaniarrachtaí a dhéanamh líon na ndaltaí sa chás sin a ísliú trí idirghabhálacha ar an uimhearthacht agus tacaíocht don mhata / d'fhoghlaim na matamaitice trí mheán na Gaeilge a chur i bhfeidhm".

Ag tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Roghnaíonn go leor tuismitheoirí a bhfuil páistí le riachtanais speisialta oideachais acu oideachas lán-Ghaeilge dá gclann. Tá méadú mór tagtha ar líon na ranganna speisialta atá ar fáil i scoileanna lán-Ghaeilge le blianta beaga anuas agus líon na bpáistí atá ag fáil buntáistí an oideachais lán-Ghaeilge ó leibhéal an naíonra ar aghaidh.

Meastar go bhfuil diagnóis riachtanais bhreise oideachais (RBO) ag 9.4% de dhaltaí bunscoile a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (Nic Aindriú, Ó Duibhir, & Travers, 2020). Faigheann céadtadán níos airde arís tacaíocht bhreise teagaisc ón múinteoir oideachais speisialta (Nic Aindriú, Ó Duibhir, & Travers, 2021).

In ainneoin go bhfuil 26 bhunscoil lán-Ghaeilge a bhfuil ranganna speisialta acu anois, níl ach iar-bhunscoil lán-Ghaeilge amháin lasmuigh den Ghaeltacht a bhfuil ranganna speisialta ar fáil inti – rud atá ag cur bac ollmhór ar dhaoine óga leanúint ar aghaidh lena gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge. Tá ganntanas mór ranganna luath-idirghabhála trí mheán na Gaeilge fresin. Teastaíonn soláthar breise agus na tacaíochtaí cuí ón Roinn agus na heagraíochta tacaíochta ar bhonn práinne.

Is í an disléicse an chatagóir is forleithne riachtanais speisialta ag leibhéal na bunscoile lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (Barrett, Kinsella, & Prendeville, 2019; Nic Aindriú et al., 2020; Nic Gabhann, 2009). Tá géarghá le hacmhainní oiriúnacha le freastal ar riachtanais na ndaltaí seo. "Dóibh siúd le disléicse, níl uirlisí ar fáil chun measúnú a dhéanamh, nó ábhair tacaíochta ann le tacú le sealbhú na litearthachta (tá uirlisí agus ábhair tacaíochta an Bhéarla iomlán mí-oiriúnach) agus is beag treoir atá ann do mhúinteoirí tacaíochta foghlama agus siceolaíthe" (Plean Digiteach don Ghaeilge Teicneolaíochtaí Urlabhra agus Teanga 2023-2027). Ní mór seo a áireamh i bhforbairt na straitéise nua.

Is iad na catagóirí eile riachtanais is minice a thuairiscítear ná; diospraicse, neamhord de chuid speictream uathachais, deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta, neamhord sonrach cainte agus teanga (Barrett, Kinsella, Prendeville, 2019; Nic Aindriú et al., 2020). Dar leis an taighde, níl mórán difríochta le sonrú maidir le líon na ndaltaí a fhaigheann tacaíocht i mbunscoileanna lán-Ghaeilge agus Béarla (Nic Aindriú, S. & Ó Duibhir, P. 2022). In ainneoin an obair ollmhór dhearfach atá ar siúl ag naíonraí agus scoileanna, tá an easpa clár, idirghabálacha, treoirlínte, acmhainní measúnaithe agus teagaisc, acmhainní digiteacha cuí trí Ghaeilge atá dírithe go sonrach ar riachtanais speisialta oideachais sa suíomh tumoideachais/dátheangach an-dúshlánach, faraor.

Aithnítear sa Phlean Digiteach don Ghaeilge Teicneolaíochtaí Urlabhra agus Teanga 2023-2027) “an géarghá le háiseanna tacaíochta foghlama do dhaltaí le fadhbanna litearthachta agus a gcuid múinteoirí – bunaithe ar thaighde leanúnach sa réimse”.

Ag leibhéal an naíonra, in ainneoin na bhforálacha agus cuspóirí uaillmhianacha sonraithe sa Scéim Aim, níl na baill foirne bhreise ar fáil le fostú agus níl acmhainní ná tacaíochtaí cuí á gcur ar fáil don earnáil seo ar chor ar bith.

Cé go bhfuil forbairtí ollmhóra déanta ar an teicneolaíocht chúnta is chumarsáide atá ar fáil sa Bhéarla, is beag atá ar fáil fós sa Ghaeilge. D’fhéadfadh na teicneolaíochaí seo saol páistí agus daoine óga a athrú, mar aon le constaicí roimh an gcumarsáid agus an t-oideachas i gcoitinne a laghdú. Le cinntiú go bhfuil Cothrom na Féinne ar fáil dóibh siúd atá ag fáil a gcuid oideachais trí Ghaeilge, tá sé ríthábhachtach go dtéitear i ngleic leis na heasnaimh seo ar bhonn práinne le go mbeidh na daoine óga seo in ann rannpháirtíocht iomlán a bheith acu san oideachas trí Ghaeilge agus sa saol sóisialta/gairmiúil (Barnes et al., 2002, Plean Digiteach don Ghaeilge Teicneolaíochtaí Urlabhra agus Teanga 2023-2027).

Léiríonn an taighde gur féidir le páistí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais buntáistí a bhaint as an tumoideachas agus an dátheangachas, ach teastaíonn breis seirbhísí tacaíochta agus acmhainní i gcoitinne atá spriocdhírithe ar a gcuid riachtanas leis an gcur chuige ionchuimsitheach a chinntiú agus le dearbhú gur féidir leis na naíonraí agus scoileanna freastal mar is cuí ar na daoine óga seo. Tá sé fíorthábhachtach do na teaghlaigh atá tar éis a gcuid muiníne a chur sa chóras lán-Ghaeilge agus do na teaghlaigh ionchasacha atá ag smaoineamh ar an oideachas lán-Ghaeilge a roghnú go gníomhófar ar na moltaí thíos mar chuid den pholasaí nua seo.

Is beag aird agus aitheantais a thugtar do dhaltaí / scoláirí ardchumais sna naíonraí / scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus do na riachtanais bhreise atá acu ó thaobh tacaíochtaí, acmhainní agus deiseana atá ann dóibh foghlaim agus forbairt de réir a gcumas. Ní mór é seo a thógáil san áireamh i bhforbairt na straitéise nua.

Na Luathbhlianta

i. Ba cheart feasacht a ardú faoin gcaoi a dtacaíonn an tumoideachas le páistí a bhfuil RSO acu agus oiliúint a chur ar fáil d’fhoireann uile na naíonraí i gcur i bhfeidhm an tumoideachais. Is gá clár oiliúna a sholáthar go sonrach do speisialtóirí RSO sa chóras tumoideachais.
ii. Is gá acmhainní agus tacaíochtaí a chur ar fáil i nGaeilge do pháistí, don fhoireann agus do thuismitheoirí, ag cinntiú go ndéantar iad a dhearadh nó a oiriúnú do chomhthéacs an tumoideachais. Ní gá go léiríonn na cinn a aistrítear go díreach ón leagan Béarla comhthéacs an tumoideachais agus an ilteangachais.

Bunscoileanna

i. Ní mór clár oiliúna (réamhoiliúint) a chur ar fáil go forleathan a ullmhaíonn múinteoirí naíonraí agus scoileanna le bheith ina speisialtóirí RSO sa chóras tumoideachais (Sainchúrsa fochéime (B.Oid.; módúil éigeantacha sna coláistí oiliúna)

ii. Ba chóir oiliúint a chur ar fáil a chabhródh le múinteoirí disléicse a aithint i measc daltaí dátheangacha agus daltaí atá ag foghlaim na Gaeilge i suíomh tumoideachais ag stad luath, mar aon le hoiliúint ar idirghabhálacha cuí do léitheoireacht na Gaeilge (Barnes 2017).
iii. Moltar leithdháileadh sa bhreis do scoileanna lán-Ghaeilge chun deileáil le deacrachtaí litearthachta sa dá theanga / níos mó múinteoirí tacaíochta foghlama - Tacaíocht teanga bhreise ann féin don Béarla agus don Ghaeilge (leithdháileadh ar leith in aghaidh na teanga) mar aon leis an mata. Tá aitheantas don dá theanga de dhíth sa cháipéisíocht oifigiúil ón RO.
iv. Moltar tacaíocht sa bhreis ó na SENOS atá dírithe ar na cúinsí éagsúla teanga sna scoileanna
v. Mar bhunphrionsabal moltar go mbeadh seirbhísí tacaíochta trí Ghaeilge do scoileanna ar a n-áirítear teiripeoirí saothair, teiripeoirí urlabhra agus teanga, fisiteiripeoirí agus síceolaithe agus go mbeadh cláir feasachta éigeantacha ar fáil don lucht gairmiúil
vi. Moltar go bhforbródh an NCSE cúrsa oiliúna i nGaeilge dírithe ar chúntóirí riachtanais speisialta oideachais sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus go mbeadh scéim tacaíochta bainteach leis a chinntíonn réamhoiliuint agus FGL ar fáil i nGaeilge dóibh
vii. Moltar go mbeadh breis uirlisí measúnaithe agus diagnóiseacha urlabhra agus teanga don suíomh tumoideachais. Uirlisí caighdeánaithe foirmiúla leis an teanga ó bhéal, gabhchumas teanga, teanga léiritheach, agus cumarsáid shóisialta a mheas.
viii. Ní mór go gcuirfear leagan Gaeilge ar fáil go comhuaineach leis an leagan Béarla den cháipéisíocht, tacaíochtaí agus acmhainní do scoileanna agus do thuismitheoirí agus go ndéanfaí oiriúnú ar an ábhar don chomhthéacs lán-Ghaeilge agus Gaeltachta in áit aistriúchán ó leagan Béarla nach dtugann léargas ar chomhthéacs an tumoideachais agus an dátheangachais
ix. Tá gá le treoir agus tacaíocht faoi thacaíochta inranga do dhaltaí.
x. Tá géarghá le tacaíocht bhreise do scoláirí le RSO chun tabhairt faoin nGaeilge & Béarla T1 ag an iar-bhunleibhéal
xi. Tá gá le hacmhainní i nGaeilge, deartha don suíomh tumoideachais, seachas aistriúchan ón mBéarla.
xii. Tá níos mó infheistíochta de dhíth i bhforbairt áiseanna digiteacha do phaistí le deacrachtaí foghlama, a bheadh mealltach, agus a éascaíonn an próiseas foghlama. Tá géarghá le hacmhainní i nGaeilge don cumarsáid mhalartach agus bhreisitheach ar bhonn práinne.
xiii. Tá gá le comhairle agus treoir ón gCigireacht / SENOs maidir le feidhmiú ranganna speisialta trí Ghaeilge
xiv. Tá gá le breis infheistíochta do COGG le haghaidh áiseanna chun tacú leis an measúnú trí Ghaeilge / oideachas lán-Ghaeilge i gcoitinne
xv. Moltar oiliúint éigeantach ar an suíomh tumoideachais do gach soláthróir a chuireann seirbhís ar fáil ag an 3 leibhéal.

Iar-bhunscoileanna

i. Tá gá le tacaíochtaí cuí de dhíth do mhúinteoirí, idirghabhálacha a thógann an Teastas Sóisearach, Ardteist (na cinéalacha éagsúla) san áireamh.
ii. Moltar go dtabharfaí faoi phróiseas oiliúna le múinteoirí agus le príomhoidí, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, chun riachtanais speisialta foghlama i gcomhthéacs an tumoideachais a chíoradh agus a phlé. (PÓD & LNT)

6. Feabhas a Chur ar an Measúnú agus ar an Meastóireacht chun Tacú le Foghlaim Níos Fearr sa Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach

Tá sé riachtanach go dtógtar san áireamh cumas délithearthach agus dátheangach páistí naíonra agus scoláirí na hearnála lán-Ghaeilge i ngach measúnú agus uirlis mheastóireachta a úsáidtear leo. "Tagarmharcanna atá bunaithe le haghaidh chainteoirí aonteangacha na mórtheanga sa tsochaí a bhíonn in úsáid ag lucht an oideachais. Ní chuimsítear go hiomlán forbairt na délitearthachta ná na hil-litearthachta faoi thagarmharcanna agus faoi chuir chuige aonteangacha i leith na litearthachta agus na forbartha teanga" (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017).

Mar a mhaíonn Plean Digiteach an Rialtais don, "tá taighde forleathan ar shealbhú na litearthachta i scoileanna Gaeltachta, i nGaelscoileanna agus i scoileanna Béarla de dhíth (i) chun sonraí a bhailiú don scagthástáil agus don mheasúnú agus (ii) mar bhunús d'áiseanna tacaíochta d'fhoghlaim na litearthachta". Ní mór a bhfuil sa bplean sin agus na riachtanais don todhchaí atá leagtha amach ann, a thógáil ar bhord mar chuid den Straitéis Nua Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití. (Plean Digiteach don Ghaeilge Teicneolaíochtaí Urlabhra agus Teanga 2023-2027).

Chun tacú le foghlaim níos fearr sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go gcothaíonn na córais mheasúnaithe agus scrúdaithe forbairt na scileanna teangacha atá de dhíth ar dhaltaí ionas gur féidir leo an teanga a úsáid go muiníneach go laethúil. Caithfear mar sin eolas agus samplaí sonracha faoi na cineálacha tascanna a bheadh in úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na daltaí sna scrúduithe a fhorbairt i gcomhar le dréacht-sonraíochtaí nua chun a chinntiú go bhfuil spriocanna na sonraíochtaí agus na n-ionstram measúnaithe ailínithe mar is ceart. Caithfear eolas sonrach mar gheall ar mheasúnuithe, téacsanna litríochta, páipéir scrúdaithe samplacha, scéimeanna marcála agus acmhainní tacaíochta a chur ar fáil do na múinteoirí i bhfad sula gcuirtear na sonraíochtaí nua i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, tá sé riachtanach go gcuirfear traenáil oiriúnach agus praiticiúil inseirbhíse ar fáil do na múinteoirí sula gcuirtear athruithe curaclaim i bhfeidhm.

7. Tacú le Forbairt Scileanna Litearthachta Digiteacha

Aithnítear an ríthábhacht a bhaineann le tosaíochtaí Stáit a bheith dírithe ar feabhas a chur ar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha ar mhaithe le bunathruithe. Tá méadú leanúnach ar an ngá ár gcumas teicneolaíochta a úsáid le bheith rannpháirteach i ngach gné den saol, ón saol oibre agus ó sheirbhísí poiblí ar líne agus foghlaim ar feadh an tsaoil a rochtain, go líonrú le cairde, teaghlaigh agus leis an sochaí i gcoitinne. Do pháistí a bhfuil an Ghaeilge mar phríomh nó mar cheann de phríomhtheangacha labhartha acu – páistí sa chóras tumoideachais ina measc, ní mór na deiseanna seo a bheith ar fáil as Gaeilge chun go mbeidh an deis ag gach páiste rochtain chorthom a bheith acu ar gach ghné den tsochaí.

Aontaíonn Gaeloideachas go bhfuil sé tábhachtach go gcuireann an curaclam, ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach, iliomad deiseanna ar fáil chun scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach a fhorbairt. Tá athchóiriú an churaclaim ag tarlú cheana féin, rud a chuideoidh lena chinntiú go mbíonn na scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digiteacha atá de dhíth ag ár ndaoine óga le bheith lánpháirteach sa tsochaí.

Chun tacú múinteoirí litearthacht dhigiteach a fhorbairt agus a chur chun cinn do gach foghlaimeoir, ní mór na bunriachtanais thíos a bheith san áitreamh sa soláthar.

Trealamh

Ní mór tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna, agus do mhúinteoirí aonair chun trealamh oiriúnach a roghnú agus treoracha a thabhairt faoi conas athchúrsáil éifeachtach agus inbhuanaithe a dhéanamh.

Bogearraí

Ní mór feasacht a ardú, agus traenáil a chur ar fáil ar bhogearraí atá ar fáil i nGaeilge chun timpeallacht chruinn dhigiteach lán-Ghaeilge a chruthú; na cinn choitianta ó MS agus Google, seirbhísí ó na meáin shóisialta agus ar aghaidh chuig na saintairgí.

Óstáil agus néalríomhaireacht

Ní mór córas lárnach stáit a chur ar fáil, nó roghanna molta a bheith aontaithe, a fhreagraíonn don ghá atá ag scoileanna óstáil agus néalríomhaireacht cosanta a úsáid. Freastalaithe comhad cosanta ó shíbearionsaí, nó bogearraí mailíseacha, agus óstáil suíomhanna scoile ina measc.

Leathanbhanda

Aontaíonn Gaeloideachas go bhfuil úsáid acmhainní foghlama cumaiscthe agus digiteacha ar líne ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach. Beidh sé ríthábhachtach don chur i bhfeidhm rathúil go mbíonn úsáid éifeachtach na teicneolaíochta digití comhtháite le cleachtas teagaisc, foghlama agus measúnaithe i ngach seomra ranga.

Ní mór áfach cothromaíocht a bheith ann do na scoileanna nach bhfuil rochtain acu ar leathanbhanda ar chomhchaighdeán le scoileanna uirbeacha tríd chórais satailíte (Konnect, Starlink 7rl.) Is bunriachtanais é seo, agus d'uireasa, fágtar scoláirí ar lár as na forbairtí seo.

Tacaíocht

Ní mór cothrom na féinne a bheith ann do scoileanna lán-Ghaeilge le tacaíocht agus áiseanna ar líne a bheith curtha ar fáil go comhuaineach mar a luaitear san Acht na dTeangacha 7rl. SFGM (SFGM - Teicneolaíocht san Oideachas go háirithe), na hionaid oideachais, Scoilnet agus Webwise ina measc.

Teicneolaíocht Oiriúnaitheach / Teicneolaíocht Chúnta

Moltar treoir agus soiléiriú a thabhairt do scoileanna maidir le teicneolaíocht oiriúnaitheach, critéir cháilíochta an deontais a leathnú agus riachtanais shainiúla dhaltaí ardchumais san áireamh.

Modhscoileanna / Scoileanna Eiseamláireacha

Moltar scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a bheith roghnaithe mar scoileanna píolótacha i gclár dátheangach náisiúnta; ar nós an chláir 'Digital School of Distinction' ach ceann ina bhfuil cothrom na féinne do phobal na Gaeilge, seachas abairt amháin san iomlán ar a suíomh gréasáin.

8. Cad eile ar mhaith leat a fheiceáil mar chuid de Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití nua (nár clúdaíodh níos luaithe)?

Molann Gaeloideachas go láidir go mbeadh breis scéimeanna agus tionscanamh Stáit ann chun foilsitheoirí leabhar a spreagadh le cur leis an soláthar is réimse leabhar Gaeilge atá ar fáil uathu, mar aon le spreagadh agus tacaíocht do sholáthróirí áiseanna teicneolaíochta le go mbeidh breis acmhainní digiteacha agus teicneolaíochta cúnta ar fáil don Ghaeilge.